Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9599/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0135 (BUD)**

**FIN 602**
**SOC 330**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (EGF/2025/000 TA 2025 – Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún) Formheas |

1. An 27 Bealtaine 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 09/2025[1].

2. Tá sé mar aidhm leis an togra EUR 170 000 a shlógadh ar thionscnamh ón gCoimisiún chun cúnamh teicniúil a bhaineann le CED a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán CED an 28 Aibreán 2021[2]. Is é is cuspóir don togra an ranníocaíocht EUR 170 000 a úsáid le haghaidh caiteachas riaracháin agus teicniúil.

[1] 9488/25.

[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 2 Meitheamh 2025 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 9600/25 é, a fhormheas.